Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2023/0311(COD)

20.11.2023

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas
COM(2023)0512 - C9-0328/2023

Rapóirtéir don tuairim: Rosa Estaràs Ferragut

PA_Legam

LEASUITHE

Iarann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1
Togra le haghaidh treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Is é is cuspóir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD) tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin a rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile a áirithiú. Aithnítear le UNCRPD freisin an tábhacht a bhaineann leis an ngá atá le bearta iomchuí a dhéanamh chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú**.**	(6) Is é is cuspóir do UNCRPD tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin a rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile a áirithiú. Aithnítear le UNCRPD freisin an tábhacht a bhaineann leis an ngá atá le bearta iomchuí a dhéanamh chun inrochtaineacht ***uilíoch*** do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú ***agus chun a áirithiú go mbeidh soghluaisteacht phearsanta ag daoine faoi mhíchumas agus go mbeidh an neamhspleáchas is mó is féidir acu;***

Or. en

Réasúnú

Inrochtaineacht uilíoch a áirithiú. De réir Airteagal 9 de CRPD, ba cheart an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint ar mheán inláimhsithe agus digiteach, atá inrochtana go huilíoch sa dá chás, lena n-áirítear coinníollacha inrochtaineachta cognaíocha. Inrochtaineacht uilíoch a áirithiú. De réir Airteagal 9 de CRPD, ba cheart an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint ar mheán inláimhsithe agus digiteach, atá inrochtana go huilíoch sa dá chás, lena n-áirítear coinníollacha inrochtaineachta cognaíocha. Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 2
Togra le haghaidh treorach
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 a) Tá an sainordú comhionannais agus neamh-idirdhealaithe atá in Airteagal 5 de CRPD ábhartha, ós rud é go bhfuil sé i gceist leis an gCárta Míchumais Eorpach dlús a chur le comhionannas daoine faoi mhíchumas trí aitheantas domhanda laistigh den Aontas, ina Bhallstáit agus ina measc féin.

Or. en

Réasúnú

Obair leantach ar shainordú CRPD. Ní mór rialáil an Chárta Míchumais Eorpaigh a dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, conradh idirnáisiúnta a cheanglaíonn an tAontas Eorpach, ina airteagail uile. Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bhacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 3
Togra le haghaidh treorach
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8 a) In Airteagal 18 de CRPD, atá tiomnaithe do Shaoirse gluaiseachta agus náisiúntachta, tabharfaidh na Stáit is Páirtithe aitheantas do chearta daoine faoi mhíchumas chun saoirse gluaiseachta, do chearta daoine faoi mhíchumas a n-áit chónaithe agus a náisiúntacht a roghnú, ar bhonn comhionann le daoine eile, lena n-áirítear trína áirithiú nach mbainfear de dhaoine faoi mhíchumas, ar bhonn míchumais, a gcumas doiciméid maidir lena náisiúntacht nó doiciméid eile aitheantais a fháil, a shealbhú agus a úsáid, nó úsáid

a bhaint as próisis ábhartha amhail imeachtaí inimirce, a bhféadfadh gá a bheith leo chun feidhmiú an chirt chun saoirse gluaiseachta a éascú.

Or. en

Réasúnú

Obair leantach ar shainordú CRPD. Ní mór rialáil an Chárta Míchumais Eorpaigh a dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, conradh idirnáisiúnta a cheanglaíonn an tAontas Eorpach, ina airteagail uile. Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bhacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 4
Togra le haghaidh treorach
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12 a) Is gné í bean a dhéanann difear do gach gné, lena n-áirítear soghluaisteacht agus saorghluaiseacht, agus dá bhrí sin ní mór í a mheas ionas go rannchuideoidh an reachtaíocht sin le haitheantas a thabhairt do chearta na mban agus na gcailíní faoi mhíchumas, do mháithreacha agus do chúramóirí daoine faoi mhíchumas agus iad a chosaint ar idirdhealú trasnach.

Or. en

Réasúnú

An gá atá le cosaint níos láidre do mhná faoi mhíchumas. Tá mná agus cailíní faoi mhíchumas, máithreacha agus cúramóirí daoine faoi mhíchumas níos mó i mbaol eisiaimh mar gheall ar thosca trasnacha.

Leasú 5
Togra le haghaidh treorach
Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13 a) Dhaingnigh an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, Coinbhinsiún Iostanbúl.

Or. en

Réasúnú

An gá atá le cosaint níos láidre do mhná faoi mhíchumas. Ba cheart stádas fabhrach a bheith sa Chárta Eorpach Míchumais do mhná agus do chailíní faoi mhíchumas ar íospartaigh foréigin agus mí-úsáide iad, agus aird phráinneach á tabhairt orthu siúd is mó atá i mbaol, ionas gur féidir gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh.

Leasú 6
Togra le haghaidh treorach
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Mar aon le bacainní ***fisiceacha agus bacainní eile*** maidir le rochtain a fháil ar spásanna poiblí agus príobháideacha araon, príomhthoisc is ea na speansais arda lena ndíspreagtar go leor daoine faoi mhíchumas ó thaisteal[48], toisc go bhfuil riachtanais shonracha acu agus go bhféadfadh sé go mbeadh duine nó daoine de dhíth orthu chun dul in éineacht leo nó cuidiú leo, lena n-áirítear na daoine a aithnítear mar chúntóir nó mar chúntóirí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht nó leis na cleachtais náisiúnta, rud a fhágann go mbeidh a gcostais taistil níos airde ná mar a ghearrtar i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas[49]. D'fhéadfadh an easpa aitheantais maidir le stádas míchumais i mBallstáit eile teorainn a chur lena rochtain ar choinníollacha speisialta, amhail saor-rochtain nó taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar a gcostais taistil, ar a saol agus ar a roghanna.	(15) Mar aon le bacainní ***infhheicthe agus dofheicthe*** maidir le rochtain a fháil ar spásanna poiblí agus príobháideacha araon, príomhthoisc is ea na speansais arda lena ndíspreagtar go leor daoine faoi mhíchumas ó thaisteal 48, toisc go bhfuil riachtanais shonracha acu agus go bhféadfadh sé go mbeadh duine nó daoine de dhíth orthu chun dul in éineacht leo nó cuidiú leo, lena n-áirítear na daoine a aithnítear mar chúntóir nó mar chúntóirí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht nó leis na cleachtais náisiúnta, rud a fhágann go mbeidh a gcostais taistil níos airde ná mar a ghearrtar i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas 49. D'fhéadfadh an easpa aitheantais maidir le stádas míchumais i mBallstáit eile teorainn a chur lena rochtain ar choinníollacha speisialta, amhail saor-rochtain nó taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar a gcostais taistil, ar a saol agus ar a roghanna. ***Ar an gcaoi***

	chéanna, is ionann easpa eolais faoi inrochtaineacht fhisiciúil, shíceasóisialta, chognaíoch agus chéadfach agus foras pórúcháin d'iompar idirdhealaitheach.
[48] 'Findings from Final Report based on Survey targeted at EU-level CSOs' [Torthaí ón Tuarascáil Chríochnaitheach bunaithe ar Shuirbhé a dhírítear ar ESSanna ar leibhéal an Aontais]; Shaw agus Coles, 'Disability, holiday making and the tourism industry in the UK: a preliminary survey', 25(3) Tourism Management (2004) 397-403' [Míchumas, lucht saoire agus tionscal na turasóireachta sa Ríocht Aontaithe: réamhshuirbhé', 25(3) Tourism Management (2004) 397-403]; Eugénia Lima Devile agus Andreia Antunes Moura (2021), Travel by People With Physical Disabilities: Constraints and Influences in the Decision-Making Process [Daoine faoi Mhíchumas agus iad ag Taisteal: Srianta agus Tionchair ar an bPróiseas Cinnteoireachta].	[48] 'Findings from Final Report based on Survey targeted at EU-level CSOs' [Torthaí ón Tuarascáil Chríochnaitheach bunaithe ar Shuirbhé a dhírítear ar ESSanna ar leibhéal an Aontais]; Shaw agus Coles, 'Míchumas, déanamh saoire agus tionscal na turasóireachta sa Ríocht Aontaithe: réamhshuirbhé', 25(3) Bainistíocht Turasóireachta (2004) 397-403; Eugénia Lima Devile agus Andreia Antunes Moura (2021), Travel by People With Physical Disabilities: Constraints and Influences in the Decision-Making Process [Daoine faoi Mhíchumas agus Iad ag Taisteal: Srianta agus Tionchair ar an bPróiseas Cinnteoireachta].
[49]McKercher agus Darcy (2018), 'Re-conceptualizing barriers to travel by people with disabilities, Tourism Management Perspectives, 59-66. [More for Explanatory Memorandum?]' [Athchoincheapú bacainní ar thaisteal ag daoine faoi mhíchumas, Peirspictíochtaí Bainistíochta Turasóireachta, 59-66. [Tuilleadh ar Mheabhrán Míniúcháin?]	[49]McKercher agus Darcy (2018), 'Re-conceptualizing barriers to travel by people with disabilities, Tourism Management Perspectives, 59-66. [More for Explanatory Memorandum?]' [Athchoincheapú bacainní ar thaisteal ag daoine faoi mhíchumas, Peirspictíochtaí Bainistíochta Turasóireachta, 59-66. [Tuilleadh ar Mheabhrán Míniúcháin?]

Or. en

Réasúnú

Inrochtaineacht uilíoch a áirithiú. Faoi Airteagal 9 de CRPD, ba cheart an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint ar mheán uilíoch inláimhsithe agus digiteach, lena n-áirítear coinníollacha inrochtaineachta cognaíocha, chun neamhchinntíocht agus cásanna idirdhealaitheacha a sheachaint do dhaoine faoi mhíchumas ar íospartaigh bacainní iad nach gá dóibh gnéithe fisiciúla a dhéanamh (amhail daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu) agus a leanfar dá dtiomantas mura sonraítear iad, ós rud é go mbeidh an cheist maidir le cad is bacainn ann nó cad nach bacainn é faoi réir léirmhíniú suibiachtúil na ndaoine sin a chaithfidh an riail a chur chun feidhme.

Leasú 7
Togra le haghaidh treorach
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16 a) Is gá aghaidh a thabhairt ar an easpa ollmhór eolais maidir le hinrochtaineacht shíceasóisialta, agus is é sin an fáth nach ndéantar aon bhearta aonair ná struchtúracha chun deireadh a chur leis na bacainní a chuireann bac nó bac uirthi, lena n-áirítear bacainní dearcaidh, riaracháin agus sistéamacha nó siombalacha, chun cuidiú le dul i ngleic leis an stiogma agus na claontachtaí as a n-eascraíonn idirdhealú, foréigean, mí-úsáid, eisiamh sóisialta agus deighilt, ar bacainní iad ar fheidhmiú éifeachtach chearta daoine faoi mhíchumas agus nach bhfuil i bhfabhar urraim a thabhairt dá neamhspleáchas, dá dtoilte ná dá roghanna.

Or. en

Réasúnú

An gá atá le cosaint níos láidre do mhná faoi mhíchumas. Ba cheart stádas fabhrach a bheith sa Chárta Eorpach Míchumais do mhná agus do chailíní faoi mhíchumas ar íospartaigh foréigin agus mí-úsáide iad, agus aird phráinneach á tabhairt orthu siúd is mó atá i mbaol, ionas gur féidir gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh.

Leasú 8
Togra le haghaidh treorach
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Le Moladh 98/376/CE ón gComhairle***[51]***, rinneadh foráil maidir le samhail Eorpach cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, a d'éascaigh aitheantas an chárta páirceála ar fud na mBallstát**.** Mar	(19) Le Moladh 98/376/CE ón gComhairle, rinneadh foráil maidir le samhail Eorpach de chárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, lenar éascaíodh aitheantas a thabhairt don chárta páirceála

sin féin, mar thoradh ar chur chun feidhme agus ar bhreiseanna nó ar dhiallais shonracha náisiúnta ón tsamhail mholta, tá go leor cineálacha cártaí éagsúla ann. Cuirtear bac leis sin ar aitheantas trasteorann na gcártaí ar fud na mBallstát, rud a chuireann bac ar rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha páirceála a chuirtear ar fáil agus ar shaoráidí a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar sealbhóirí cárta páirceála iad i mBallstáit eile. Ina theannta sin, níor tugadh an Moladh ón gComhairle cothrom le dáta chun forbairtí leanúnacha teicneolaíochta agus digitithe a léiriú. Bíonn fadhbanna ag na Ballstáit freisin maidir le calaois agus brionnú na gcártaí, toisc go bhfuil an fhormáid measartha simplí agus gur féidir í a bhrionnú go héasca agus go praiticiúil tá sé difriúil i ngach Ballstát, rud a fhágann go mbíonn sé deacair é a fhíorú.	ar fud na mBallstát**,** mar sin féin, tá réimse cártaí éagsúla ann mar thoradh ar é a chur chun feidhme agus breiseanna nó dialltaí náisiúnta sonracha ón tsamhail atá molta a chur san áireamh. Cuirtear bac leis sin ar aitheantas trasteorann na gcártaí ar fud na mBallstát, rud a chuireann bac ar rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha páirceála a chuirtear ar fáil agus ar shaoráidí a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar sealbhóirí cárta páirceála iad i mBallstáit eile. Ina theannta sin, níor tugadh an Moladh ón gComhairle cothrom le dáta chun forbairtí leanúnacha teicneolaíochta agus digitithe a léiriú. Bíonn fadhbanna ag na Ballstáit freisin maidir le calaois agus brionnú na gcártaí, toisc go bhfuil an fhormáid measartha simplí agus gur féidir í a bhrionnú go héasca agus go praiticiúil tá sé difriúil i ngach Ballstát, rud a fhágann go mbíonn sé deacair é a fhíorú. ***Ba cheart rochtain ar sheirbhísí a bheith ar an toirt gan gá le hiarratas nua i gcás bogadh go tír eile.***
[51]Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (IO L 167, 12.6.1998, lch. 25), arna oiriúnú le Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice IO L 63/43,7.3.2008.	[51]Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (IO L 167, 12.6.1998, lch. 25), arna oiriúnú le Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice IO L 63/43,7.3.2008.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bhacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 9
Togra le haghaidh treorach
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) I measc na samplaí de choinníollacha speisialta nó de chóir fhabhrach tá rochtain saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí nó muirir laghdaithe úsáideoirí ar dhola-bhóithre/droichid/tolláin, rochtain tosaíochta, suíocháin ainmnithe i bpáirceanna agus i limistéir phoiblí eile, suíocháin inrochtana in imeachtaí cultúrtha nó poiblí, cúnamh pearsanta, ainmhithe cuidithe, cúnamh ar an trá chun dul isteach san uisce, tacaíocht (amhail rochtain ar braille, treoracha fuaime, ateangaireacht teanga comharthaíochta), soláthairtí áiseanna nó cúnamh, iasacht as cathaoir rothaí, iasacht as cathaoir rothaí ar snámh, faisnéis turasóireachta a fháil i bhformáidí inrochtana, úsáid as scútar soghluaisteachta ar bhóithre nó as cathaoir rothaí i lánaí rothar gan fhíneáil, etc. Áirítear le coinníollacha agus saoráidí páirceála páirceáil leathnaithe nó spásanna coinnithe páirceála . Maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí, de bhreis ar na coinníollacha speisialta nó ar an gcóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtais náisiúnta, féadfaidh ainmhithe cuidithe, cúntóirí pearsanta nó daoine eile a bheidh in éineacht le daoine faoi mhíchumas (a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) nó a bheidh ag cuidiú leo taisteal saor in aisce nó suíochán a fháil, más féidir in aice leis an duine faoi mhíchumas.	(24) I measc na samplaí de choinníollacha speisialta nó de chóir fhabhrach tá rochtain saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí nó muirir laghdaithe úsáideoirí ar dhola-bhóithre/droichid/tolláin, rochtain tosaíochta, suíocháin ainmnithe i bpáirceanna agus i limistéir phoiblí eile, suíocháin inrochtana in imeachtaí cultúrtha nó poiblí, cúnamh pearsanta, ainmhithe cuidithe, cúnamh ar an trá chun dul isteach san uisce, tacaíocht (amhail rochtain ar braille, treoracha fuaime, ateangaireacht teanga comharthaíochta), soláthairtí áiseanna nó cúnamh, iasacht as cathaoir rothaí, iasacht as cathaoir rothaí ar snámh, faisnéis turasóireachta a fháil i bhformáidí inrochtana, úsáid as scútar soghluaisteachta ar bhóithre nó as cathaoir rothaí i lánaí rothar gan fhíneáil, etc. Áirítear le coinníollacha agus saoráidí páirceála páirceáil leathnaithe nó spásanna coinnithe páirceála . Maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí, de bhreis ar na coinníollacha speisialta nó ar an gcóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtais náisiúnta, féadfaidh ainmhithe cuidithe, cúntóirí pearsanta nó daoine eile a bheidh in éineacht le daoine faoi mhíchumas (a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) nó a bheidh ag cuidiú leo taisteal saor in aisce nó suíochán a fháil, más féidir in aice leis an duine faoi mhíchumas. ***Maidir le bearta éifeachtacha a ghlacadh chun soghluaisteacht a áirithiú, is gá machnamh a dhéanamh ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas ar na modhanna éagsúla iompair phoiblí (traein, eitleán, etc.) agus ar gá dóibh a gcathaoir rothaí féin a***

úsáid mar gheall ar an speisialtóireacht is gá chun a sábháilteacht a ráthú.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bhacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá ag teastáil ó gach duine. Inrochtaineacht uilíoch a áirithiú, de réir Airteagal 9 de CRPD, i gcomhréir leis na leasuithe roimhe seo.

Leasú 10
Togra le haghaidh treorach
Aithris 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28 a) Tá sé ríthábhachtach an foréigean inscnebhunaithe arb iad mná agus cailíní faoi mhíchumas san Eoraip a bhíonn thíos leis go príomhach a chur san áireamh. Ciallaíonn sé sin nach mór rochtain ar acmhainní, sásraí agus tairbhí chun an sciúirse sin a chomhrac agus a mhaolú a ráthú ar fud an Aontais, ag freagairt do riachtanais chosanta agus tacaíochta na mban agus na gcailíní faoi mhíchumas, do mháithreacha agus do chúramóirí ar íospartaigh foréigin, mí-úsáide agus drochíde iad.

Or. en

Réasúnú

An gá atá le cosaint níos láidre do mhná faoi mhíchumas. Ba cheart stádas fabhrach a bheith ar an gCárta Míchumais Eorpach do mhná agus do chailíní faoi mhíchumas ar íospartaigh foréigin agus mí-úsáide iad, agus aird phráinneach á tabhairt orthu siúd is mó atá i mbaol, ionas gur féidir gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh.

Leasú 11
Togra le haghaidh treorach
Aithris 36 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36 a) Maidir le bearta éifeachtacha a ghlacadh chun soghluaisteacht a áirithiú, is gá breithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas ar na modhanna éagsúla iompair phoiblí (traein, eitleán, etc.) agus ar gá dóibh a gcathaoir rothaí féin a úsáid mar gheall ar an speisialtóireacht is gá chun a sábháilteacht a ráthú.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart cearta maithe a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bhacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 12
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a a) Na coinníollacha is gá chun comhionannas a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus chun rannchuidiú lena saorghluaiseacht laistigh den Aontas, gan bacainní ar an tsaorghluaiseacht agus leis na tacaíochtaí aonair atá de dhíth ar gach duine, agus bunsraith bhunúsach an Aontais, saorghluaiseacht á léiriú aige, do gach duine faoi mhíchumas, a bhfuil míbhuntáistí tromchúiseacha ag cur as dóibh go dtí seo sa réimse sin.

Or. en

Réasúnú

Obair leantach ar shainordú CRPD. Ní mór rialáil an Chárta Míchumais Eorpaigh a dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta ar Chearta Daoine atá

faoi Mhíchumas, conradh idirnáisiúnta lena gcuirtear an tAontas Eorpach faoi cheangal, ina airteagail uile.

Leasú 13
Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fleasc 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– Seirbhísí faisnéise agus comhairleoireachta do mhná faoi mhíchumas, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar chailíní ar íospartaigh foréigin agus mí-úsáide iad.

Or. en

Réasúnú

An gá atá le cosaint níos láidre do mhná faoi mhíchumas. Ba cheart stádas fabhrach a bheith ar an gCárta Míchumais Eorpach do mhná agus do chailíní faoi mhíchumas ar íospartaigh foréigin agus mí-úsáide iad, agus aird phráinneach á tabhairt orthu siúd is mó atá i mbaol, ionas gur féidir gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh.

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fleasc 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– Seirbhísí cosanta i gcásanna éigeandála daonnúla agus i gcásanna riosca.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Creidimid go bhfuil an togra an-soiléir agus mionsonraithe maidir leis na réimsí sin a shainiú, ar réimsí iad nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach (Airteagal 2(2)). Ar an taobh eile, tá an téacs débhríoch maidir leis na réimsí ina bhfuil feidhm aige a shainiú (Airteagal 2(1)), rud a fhágann go bhféadfaí léirmhínithe éagsúla a dhéanamh air. Measaimid gur cheart go mbeadh an togra níos

sainráite ar mhaithe le trasuímh nach bhfuil údar leo a bhaineann an bonn de chuspóir na treorach a sheachaint.

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fleasc 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– Seirbhísí ceartais, lena n-áirítear cúnamh dlíthiúil saor in aisce.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Creidimid go bhfuil an togra an-soiléir agus mionsonraithe maidir leis na réimsí sin a shainiú, ar réimsí iad nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach (Airteagal 2(2)). Ar an taobh eile, tá an téacs débhríoch maidir leis na réimsí ina bhfuil feidhm aige a shainiú (Airteagal 2(1)), rud a fhágann go bhféadfaí léirmhínithe éagsúla a dhéanamh air. Measaimid gur cheart go mbeadh an togra níos sainráite ar mhaithe le trasuímh nach bhfuil údar leo a bhaineann an bonn de chuspóir na treorach a sheachaint.

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – fleasc 3 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	– Aitheantas a thabhairt don mhíchumas i dtaca le hinstitiúidí, údaráis agus beartais a chuireann comhlachtaí uile an Aontais chun cinn, go háirithe i gcláir shoghluaisteachta AE (amhail ERASMUS+ agus cláir chomhchosúla eile). I gcás chláir shoghluaisteachta an Aontais, déanfar an tréimhse a fhadú go scoilbhliain amháin ar a laghad.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Tá an togra an-soiléir agus mionsonraithe maidir leis na réimsí sin a shainiú, ar réimsí iad nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach (Airteagal 2(2)). Tá an téacs débhríoch maidir leis na réimsí ina bhfuil feidhm aige a shainiú (Airteagal 2(1)). Ba cheart go mbeadh an togra níos follasaí ar mhaithe le trasuímh nach bhfuil údar leo a bhaineann an bonn de chuspóir na treorach a sheachaint. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh bliain acadúil amháin ar a laghad i gceist leis an ré. Ar an gcaoi chéanna, beidh duine faoi mhíchumas a bhogann go Ballstát eile in ann tairbhe a bhaint as an aitheantas sin.

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) Níl feidhm ag forálacha na míre sin i gcásanna ina mbogann daoine faoi mhíchumas chun dul ag obair nó chun dul i mbun staidéir i mBallstát eile. Sa chás sin, áiritheofar leis an Treoir rochtain shealadach ar na sochair phearsanta agus airgeadais agus ar na feistí cúnta is gá le haghaidh neamhspleáchas pearsanta fad a bhfuil athmheasúnú á dhéanamh ar an míchumas sa tír chónaithe nua.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile, lena n-áirítear saorghluaiseacht daoine gan bhacainní ar a ngluaiseacht agus le tacaíocht aonair. Ní mór don Aontas a áirithiú gur féidir le gach duine faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh a gceart chun saorghluaiseachta a theachtadh ar bhonn comhionann le daoine eile, lena n-áirítear inaistritheacht sochar slándála sóisialta, ar bhealach comhordaithe i measc a chuid Bhallstát, mar a fhoráiltear in Airteagal 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ní thagann an Treoir sin salach ar inniúlachtaí náisiúnta sochair speisialta nó coinníollacha sonracha fabhracha a dheonú nó a cheangal iad a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus, i gcás ina bhforáiltear sin, don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta.	4. Ní thagann an Treoir sin salach ar inniúlachtaí náisiúnta sochair speisialta nó coinníollacha sonracha fabhracha a dheonú nó a cheangal iad a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus, i gcás ina bhforáiltear sin, don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta ***agus a madraí treorach agus madraí cuidithe***.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh an Treoir sin gan dochar do na cearta a fhéadfaidh daoine faoi mhíchumas nó an duine nó na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta, a fháil ó fhorálacha eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear na cearta sin lena ndeonaítear sochair shonracha, coinníollacha speisialta, nó cóir fhabhrach.	5. Beidh an Treoir sin gan dochar do na cearta a fhéadfaidh daoine faoi mhíchumas nó an duine nó na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta ***agus madraí treorach agus madraí cuidithe***, a fháil ó fhorálacha eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear na cearta sin lena ndeonaítear sochair shonracha, coinníollacha speisialta, nó cóir fhabhrach.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) Ciallaíonn "idirdhealú ar bhonn míchumais" aon idirdhealú, eisiamh nó srian ar bhonn míchumais a bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht aige bac nó neamhniú a dhéanamh ar aithint, teachtadh nó feidhmiú, ar bhonn comhionann, chearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha i réimse polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, sibhialta nó in aon réimse eile. Áirítear leis sin gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear cóiríocht réasúnta a dhiúltú.

Or. en

Réasúnú

Tá sé ríthábhachtach go n-áireofaí sa téacs reachtach sainmhínithe chun acquis comhchoiteann maidir le léirmhíniú míchumais idir na Ballstáit a chruthú. Ós rud é gurb é is príomhaidhm leis an gcárta teachtadh saorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais a áirithiú agus srianta a chuireann teorainn le cearta gaolmhara eile a chosc, is inmhianaithe sainmhínithe ar chearta, ar thacaíocht agus ar chosaint daoine faoi mhíchumas a áireamh sna tíortha sin atá ag titim chun deiridh i gcur chuige chearta CRPD chun na coincheapa sin a chomhtháthú ina reachtaíocht intíre.

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) is éard is ‘cúntóir pearsanta’ ann duine a ghabhann le daoine faoi mhíchumas nó a chuidíonn leo agus a aithnítear de réir na reachtaíochta nó na gcleachtas náisiúnta sa cháil sin;	(d) is éard is ‘cúntóir pearsanta’ ann duine a ghabhann le daoine faoi mhíchumas nó a chuidíonn leo agus a aithnítear de réir na reachtaíochta nó na gcleachtas náisiúnta sa cháil sin; ***déanann an duine sin tascanna maireachtála laethúla duine eile nach bhfuil in ann nó a bhfuil an cúnamh sin de dhíth air nó uirthi nó tugann an duine sin cúnamh don duine eile leis na tascanna sin . Is é is aidhm leis maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn, féinriar pearsanta a chothú agus maireachtáil sa phobal a éascú. Is de chineál conarthach é an gaol idir an bheirt agus léireoidh sé próifíl is iomchuí do na cúraimí iomadúla a bheidh le déanamh.***

Or. en

Réasúnú

Tá sé ríthábhachtach go n-áireofaí sa téacs reachtach sainmhínithe chun acquis comhchoiteann maidir le léirmhíniú míchumais idir na Ballstáit a chruthú. Ós rud é gurb é is príomhaidhm leis an gcárta teachtadh saorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais a áirithiú agus srianta a chuireann teorainn le cearta gaolmhara eile a chosc, is inmhianaithe sainmhínithe ar chearta, ar thacaíocht agus ar chosaint daoine faoi mhíchumas a áireamh sna tíortha sin atá ag titim chun deiridh i gcur chuige chearta CRPD chun na coincheapa sin a chomhtháthú ina reachtaíocht intíre.

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ciallaíonn ‘coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach’ coinníollacha sonracha, lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le coinníollacha airgeadais, nó cóir dhifreáilte a bhaineann le cúnamh agus le tacaíocht amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, rochtain tosaíochta, a thairgtear	(e) ciallaíonn ‘coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach’ coinníollacha sonracha, lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le coinníollacha airgeadais, nó cóir dhifreáilte a bhaineann le cúnamh agus le tacaíocht amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, rochtain tosaíochta, a thairgtear

do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó, nuair is infheidhme, don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóirí pearsanta nó ***ainmhithe*** cuidithe a aithnítear i gcomhréir leis an reachtaíocht nó leis na cleachtais náisiúnta mar sin, is cuma má sholáthraítear iad ar bhonn deonach nó má fhorchuirtear iad le hoibleagáidí dlíthiúla;	do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó, nuair is infheidhme, don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóirí pearsanta nó ***madraí cuidithe nó madraí treorach*** a aithnítear i gcomhréir leis an reachtaíocht nó leis na cleachtais náisiúnta mar sin, is cuma má sholáthraítear iad ar bhonn deonach nó má fhorchuirtear iad le hoibleagáidí dlíthiúla;

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Saoránaigh den Aontas agus baill teaghlaigh de shaoránaigh den Aontas, a n-aithníonn na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu a stádas míchumais trí dheimhniú, cárta nó aon doiciméad foirmiúil eile a eisítear i gcomhréir le hinniúlachtaí, cleachtais agus nósanna imeachta náisiúnta, chomh maith, nuair is infheidhme, leis an duine nó na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta,	(a) Saoránaigh ***agus cónaitheoirí*** den Aontas agus baill teaghlaigh de shaoránaigh ***agus de chónaitheoirí*** den Aontas, a n-aithníonn na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu a stádas míchumais trí dheimhniú, cárta nó aon doiciméad foirmiúil eile a eisítear i gcomhréir le hinniúlachtaí, cleachtais agus nósanna imeachta náisiúnta, chomh maith, nuair is infheidhme, leis an duine nó na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, ***chomh maith le madraí treorach agus cuidithe,***

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann

saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) Aon duine faoi mhíchumas fíorasach, de réir na brí a luaitear in Airteagal 1 de CRPD, i gcás ina bhfuil cónaí orthu agus ina n-easáitítear iad i Stát AE seachas a mBallstát féin, fiú mura bhfuil stádas míchumais acu arna aithint ag a mBallstát cónaithe.

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áitítear sa togra gur cheart gach duine faoi mhíchumas a chumhdaítear le CRPD, mar a luaitear in Airteagal 1(1), a chosaint ar idirdhealú d'aon chineál. Bheadh sé neamhréireach do AE an Conradh Idirnáisiúnta sin a dhaingniú agus ag an am céanna reachtaíocht a mholadh a cheadódh idirdhealú in aghaidh sciar mór de dhaoine faoi mhíchumas.

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 –mír 1 – pointe b b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b b) Daoine faoi mhíchumas atá i staid cosanta idirnáisiúnta i mBallstát den Aontas.

Or. en

Réasúnú

Rinne an tAontas na ceanglais maidir le hincháilitheacht do chosaint idirnáisiúnta a

ionchorprú ina chorpas dlí féin, agus leathnaigh sé an coincheap trí chatagóir daoine atá i dteideal cosaint idirnáisiúnta seachas dídeanaithe a chruthú, eadhon tairbhithe cosanta coimhdí.

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 4 – mír 1 – pointe b c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b c) Saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil teastas leighis diagnóise acu ar neamhord ar speictream an uathachais arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag na seirbhísí sláinte a fhaigheann tacaíocht ó chistí poiblí.

Or. en

Réasúnú

Faigheann go leor daoine a bhfuil NSU acu san Aontas diagnóis dhéanach, gan rochtain ar acmhainní tacaíochta speisialaithe. Ní aithnítear an t-uathachas i gcuid mhór de na córais measúnaithe míchumais, agus ní chumhdaítear leis an Treoir sin é; dá bhrí sin, tá go leor daoine a bhfuil NSU orthu nach bhfuil aon deimhniú míchumais acu, ach diagnóis, rud a chuireann le haonrú agus le heisiaimh. Uaireanta bíonn baint ag míchumas intleachtúil le NSU, ach ní cuid shainiúil de é. Aithnítear é sin sna haicmithe idirnáisiúnta (DSM 5). Is é is aidhm leis an Leasú forálacha rún 2023/2728(RSP) a chomhlíonadh; Airt. 6 agus 7.

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun aitheantas a thabhairt do gach duine faoi mhíchumas a bhfuil Cárta Míchumais Eorpach acu atá cosanta go speisialta ar idirdhealú ar fhorais mhíchumais, agus an ceart rochtana dá bharr sin ar fud an Aontais ar na leigheasanna agus na sásraí a chuirtear

ar fáil i gcoinne sáruithe ar chearta agus easpa cóir chomhionann éifeachtach.

Or. en

Réasúnú

Freagraíonn an mhír nua seo ar an ngá atá leis an Treoir íosmhéid de bhearta nithiúla ar a laghad a thabhairt isteach chun a héifeachtacht a threisiú trí ghníomhaíocht na mBallstát a threorú, chun a áirithiú go bhfuil sí i gcomhréir le cuspóirí na Treorach agus, ar an gcaoi sin, go gcomhlíontar léi sainordú CRPD. Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Ní féidir le daoine faoi mhíchumas saorghluaiseacht daoine a theachtadh ach amháin má tá aitheantas iomlán ann do stádas míchumais i mBallstáit uile an Aontais.

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) nuair a áirítear ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin coinníollacha fabhracha don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó coinníollacha sonracha d'ainmhithe cuidithe, deonófar na coinníollacha fabhracha nó sonracha sin ar théarmaí agus coinníollacha comhionanna don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir(í) pearsanta nó ***ainmhithe*** cuidithe de chuid shealbhóir an Chárta Míchumais Eorpaigh;	(a) nuair a áirítear ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin coinníollacha fabhracha don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó coinníollacha sonracha d'ainmhithe cuidithe, deonófar na coinníollacha fabhracha nó sonracha sin ar théarmaí agus coinníollacha comhionanna don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir(í) pearsanta nó ***madraí treorach agus*** cuidithe de chuid shealbhóir an Chárta Míchumais Eorpaigh;

Or. en

Réasúnú

Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá de dhíth ar gach duine.

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) nuair a áirítear ar choinníollacha agus ar shaoráidí páirceála dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal sin coinníollacha fabhracha don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, deonófar na coinníollacha fabhracha sin ar théarmaí agus coinníollacha comhionanna don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta de chuid shealbhóir an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas.	(b) nuair a áirítear ar choinníollacha agus ar shaoráidí páirceála dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal sin coinníollacha fabhracha don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, deonófar na coinníollacha fabhracha sin ar théarmaí agus coinníollacha comhionanna don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta de chuid shealbhóir an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, ***ar choinníoll go bhfuil sealbhóir an chárta san fheithicil***.

Or. en

Réasúnú

Go ndéanann cúntóir pearsanta duine faoi mhíchumas tascanna laethúla nó go gcomhoibríonn an cúntóir leo na tascanna sin a dhéanamh, ag cuimhneamh gurb é cuspóir na tacaíochta nó an chúnaimh maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa phobal a chur chun cinn; tá sé ríthábhachtach go n-áireofaí daoine atá ag tionlacan nó ag cabhrú le sealbhóir an Chárta Páirceála Eorpaigh. Níl sé d'aidhm leis an rialachán ann féin go mbainfeadh an duine atá ag tionlacan nó ag cabhrú leis atá faoi mhíchumas tairbhe as, mar sin beidh feidhm ag forálacha dlíthiúla an Rialacháin sin fad is atá sealbhóir an chárta san fheithicil.

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Comhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse na hoibleagáidí agus na bearta seo a leanas:

(a) Tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse aitheantas a thabhairt do shealbhóirí an Chárta Míchumais Eorpaigh mar dhaoine atá cosanta go speisialta ar idirdhealú ar fhorais mhíchumais trína ráthú dóibh an ceart rochtana ar fud an Aontais ar na leigheasanna agus na sásraí atá ar fáil dóibh i gcoinne sáruithe ar a gcearta.

(b) Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse go soláthróidh siad seirbhísí i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach sa Treoir sin.

(c) Cuirfidh soláthraithe seirbhíse an fhaisnéis is gá ar fáil i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus míneoidh siad conas mar a chomhlíonann a gcuid seirbhísí na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil don phobal i bhfoirm a bheidh inrochtana go huilíoch ag gach duine faoi mhíchumas.

(d) I gcás neamhchomhlíonadh, déanfaidh soláthraithe seirbhíse na bearta ceartaitheacha is gá chun an tseirbhís a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta uilíocha is infheidhme.

Or. en

Réasúnú

Is é is aidhm leis an mír nua sin cosc a chur ar an riosca a bhaineann le freagrachtaí soláthraithe seirbhíse agus gníomhaíochta poiblí agus príobháideacha a chaolú. Ní féidir leis an tosaíocht a thugtar sa téacs do chumhacht na n-oibreoirí a áirithiú go gcomhlíonfar rochtain chomhionann a bheith iomlán. Ba cheart tacar íosta oibleagáidí díchill chuí ar a laghad a bheith sa togra chun córas aonchineálach dualgas a áirithiú do sholáthraithe seirbhíse ar fud an Aontais.

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar Cártaí Míchumais	2. Déanfar Cártaí Míchumais

Eorpacha a eiseoidh Ballstáit a aithint go frithpháirteach sna Ballstáit uile.	Eorpacha a eiseoidh Ballstáit a aithint go frithpháirteach sna Ballstáit uile ***agus i measc institiúidí an Aontais***. ***Beidh an Cárta Míchumais Eorpach comhoiriúnach le haon chárta nó deimhniú náisiúnta aitheanta míchumais.***

Or. en

Réasúnú

Déanfar Cártaí Míchumais Eorpacha a eiseoidh Ballstáit a aithint go frithpháirteach sna Ballstáit uile agus i measc institiúidí an Aontais. Beidh an Cárta Míchumais Eorpach comhoiriúnach le haon chárta nó deimhniú náisiúnta aitheanta míchumais.

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint nó a athnuachan ***go díreach nó*** ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint agus a athnuachan laistigh den tréimhse chéanna a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme chun deimhnithe míchumais, cártaí míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear stádas míchumais duine faoi mhíchumas a eisiúint.	4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint nó a athnuachan ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint agus a athnuachan laistigh den tréimhse chéanna a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme chun deimhnithe míchumais, cártaí míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear stádas míchumais duine faoi mhíchumas a eisiúint. ***I gcás ina n-athraítear an tír chónaithe, féadfar síneadh 6 mhí go 8 mí a chur leis an tréimhse athnuachana.***

Or. en

Réasúnú

Ba cheart béim a leagan ar chineál deonach an Chárta Míchumais Eorpaigh. Is féidir le daoine faoi mhíchumas a chinneadh dóibh féin an mian leo iarratas a dhéanamh ar an gcárta, gan iallach a bheith orthu an cárta a bheith acu chun míchumas a chruthú.

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5 a. Eiseofar an Cárta Míchumais Eorpach (an chéad eisiúint agus na heisiúintí ina dhiaidh sin) saor in aisce, gan aon chostas don duine atá ag déanamh iarratais air.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart costais bhreise, rómhaorlathas maorlathach nó ualaí riaracháin troma do dhaoine faoi mhíchumas a bheith i gceist le ceart nua a chruthú. Ina theannta sin, is grúpa daonra an-leochaileach iad daoine faoi mhíchumas i dtéarmaí sóisialta agus eacnamaíocha, agus ba cheart dóibh tairbhe a bhaint as an mbeart dearfach gníomhachaochta sin maidir le díolúine ó íocaíocht chun an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint.

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Is ar feadh na tréimhse céanna ar a laghad a bheidh bailíocht an Chárta Míchumais Eorpaigh arna eisiúint ag Ballstát agus a bheidh ag an deimhniú míchumais, ag an gcárta míchumais nó ag aon doiciméad foirmiúil eile is faide a mhairfidh, lena n-aithnítear a stádas míchumais arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit ina chríoch don duine lena mbaineann.	6. Is ar feadh na tréimhse céanna ar a laghad a bheidh bailíocht an Chárta Míchumais Eorpaigh arna eisiúint ag Ballstát agus a bheidh ag an deimhniú míchumais, ag an gcárta míchumais nó ag aon doiciméad foirmiúil eile is faide a mhairfidh, lena n-aithnítear a stádas míchumais arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit ina chríoch don duine lena mbaineann. ***I gcás ina n-athraítear an tír chónaithe, féadfar síneadh 6 mhí go 8 mí a chur leis an tréimhse athnuachana.***

Or. en

Réasúnú

Le bailíocht agus aitheantas frithpháirteach ardaítear saincheisteanna maidir le 'neamhchosaint' a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás ina n-athraíonn saoránach tír chónaithe, agus ina mbíonn an próiseas iarratais le haghaidh cárta náisiúnta níos faide ná bailíocht an Chárta Eorpaigh a d'eisigh an Ballstát bunaidh.

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7 a. Áiritheofar inrochtaineacht uilíoch i rith an phróisis a bhaineann le formáid, aitheantas frithpháirteach, eisiúint agus bailíocht an Chárta Míchumais Eorpaigh.

Or. en

Réasúnú

Inrochtaineacht uilíoch a áirithiú. De réir an tsainordaithe a leagtar amach in Airteagal 9 de CRPD, ba cheart don Chárta Míchumais Eorpach fónamh chun soláthar earraí, táirgí agus seirbhísí a chur chun cinn i ndálaí agus i bhformáidí atá inrochtana go huilíoch. Ba cheart an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint ar mheán inláimhsithe agus digiteach, a bheidh inrochtana go huilíoch sa dá chás, lena n-áirítear coinníollacha inrochtaineachta cognaíocha.

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7 b. I gcás ina bhfuil an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála ag an duine céanna faoi mhíchumas, bunófar foirmlí simplí solúbtha lena gceadófar an t-ábhar céanna agus/nó an tacaíocht dhigiteach chéanna, chun ualaí riaracháin nach

bhfuil gá leo a sheachaint.

Or. en

Réasúnú

Is é is aidhm leis an togra dúbailt anásta, maorlathas agus ualaí riaracháin a sheachaint, agus creidimid gur féidir le teicneolaíochtaí inrochtana nua na rudaí sin a sheachaint go héasca.

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. ***Déanfar é a eisiúint nó a athnuachan laistigh de thréimhse réasúnach ó dháta*** an iarratais ***nach faide ná 60 lá***.	4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Le ***tíolacadh*** an iarratais ***ar athnuachan an chárta páirceála laistigh den tréimhse dá bhforáiltear sna rialacháin Stáit is infheidhme, cuirtear síneadh le bailíocht an chárta a eisíodh roimhe sin go dtí go ndéanfar an nós imeachta a réiteach. I gcás ina gcuirtear an t-iarratas isteach laistigh de nócha lá féilire tar éis an dáta a rachaidh bailíocht an chárta deiridh a eisíodh in éag, tuigfear go leanfaidh bailíocht an chárta de bheith bailí go dtí go réiteofar an nós imeachta athnuachana comhfhreagrach.***

Or. en

Réasúnú

Is mian linn béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé nár cheart bailíocht agus aitheantas an Chárta Míchumais Eorpaigh a bheith faoi réir nósanna imeachta um shíneadh a bhféadfadh cásanna neamhchosanta dlíthiúla do dhaoine faoi mhíchumas a bheith mar thoradh orthu.

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Ina theannta sin, ba cheart do na hinstitiúidí Eorpacha faisnéis agus oiliúint maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach a scaipeadh ar bhonn leanúnach, trí oiliúint agus feachtais múscailte feasachta comhleanúnacha maidir lena úsáid, i bhformáidí lena n-áirithítear inrochtaineacht uilíoch agus le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha. Ba cheart cineál deonach an chárta a áireamh go soiléir san fhaisnéis sin. Ba cheart línte cistiúcháin sonracha a chur ar fáil laistigh den Aontas chun na críche sin.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart na hinstitiúidí Eorpacha féin, go háirithe an Coimisiún Eorpach, a bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfaisnéis a chur ar fáil faoin uirlis riachtanach sin chun saorghluaiseacht daoine san Aontas a áirithiú, agus ba cheart dóibh déanamh amhlaidh trína inrochtaineacht uilíoch a áirithiú. Cuideoidh na feachtais sin le glacadh na gcártaí agus eolas orthu a mhéadú. Measaimid freisin go bhfuil cláir oiliúna do sholáthraithe seirbhíse ar fud an Aontais ríthábhachtach chun a áirithiú go gcuirfear seirbhísí leordhóthanacha ar fáil.

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7 a. Chun córas faisnéise láraithe a bhunú ar leibhéal an Aontais, bheadh gá le suíomh gréasáin a chruthú ar a mbeadh an fhaisnéis uile faoin gCárta Míchumais Eorpach nó faoin gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus, i gcás inarb infheidhme, conas iarratas a dhéanamh

air, i bhformáid atá inrochtana go huilíoch, i dteangacha uile an Aontais, lena n-áirítear teanga chomharthaíochta,agus go mbeadh modhanna soléite agus malartacha agus breisithe cumarsáide i gceist leis.

Or. en

Réasúnú

Trí chóras faisnéise láraithe a bhunú ar leibhéal an Aontais ina stórálfar sonraí ábhartha shealbhóirí an Chárta Míchumais Eorpaigh, beidh soláthraithe seirbhíse i ngach Ballstát in ann barántúlacht an chárta a fhíorú go héasca agus rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhísí iomchuí a sholáthar. Ina theannta sin, d'fhéadfadh feidhm fógra fíor-ama a bheith san áireamh sa chóras sin chun bailíocht na gcártaí a nuashonrú agus chun a áirithiú go n-úsáidfear iad go cothrom le dáta agus go slán ar fud an Aontais.

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 7 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7 b. Ba cheart eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sa phróiseas iomlán forbartha, pleanála, cur chun feidhme, faireacháin agus meastóireachta.

Or. en

Réasúnú

Idirphlé sibhialta. Tá bonn cirt leis an togra sin i ngeall ar phrionsabal an idirphlé shibhialta agus an chomhrialachais arna sainordú ag CRPD. Tá ról lárnach ag an tsochaí shibhialta faoi mhíchumas eagraithe sa phróiseas reachtach ina iomláine as a dtagann trasuí an chaighdeáin. Cuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta saineolas ar fáil agus déanann siad ionadaíocht ar leasanna daoine faoi mhíchumas sa phróiseas.

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) forálacha trína bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas caingean a thionscnamh faoin dlí náisiúnta os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin i gcás sáruithe ar a gcearta faoin Treoir sin agus i bhforálacha náisiúnta lena gcuirtear an Treoir sin chun feidhme;	(a) forálacha trína bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas ***agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha*** caingean a thionscnamh faoin dlí náisiúnta os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin i gcás sáruithe ar a gcearta faoin Treoir sin agus i bhforálacha náisiúnta lena gcuirtear an Treoir sin chun feidhme;

Or. en

Réasúnú

Idirphlé sibhialta. Tá bonn cirt leis an togra sin i ngeall ar phrionsabal an idirphlé shibhialta agus an chomhrialachais arna sainordú ag CRPD. Tá ról lárnach ag an tsochaí shibhialta faoi mhíchumas eagraithe sa phróiseas reachtach ina iomláine as a dtagann trasuí an chaighdeáin. Cuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta saineolas ar fáil agus déanann siad ionadaíocht ar leasanna daoine faoi mhíchumas sa phróiseas.

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 13 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Ba cheart údarás a bhunú chun sásra institiúideach a bhunú chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán a bhaineann le cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht an Chárta Míchumais Eorpaigh.

Or. en

Réasúnú

Tá an togra bunaithe ar an ngá atá le cur i bhfeidhm éifeachtach an chaighdeáin a ráthú, agus measaimid go bhfuil sé ríthábhachtach beartas comhlíonta rialála agus sásra institiúideach a áireamh chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar chomhlíonadh, mar aon le struchtúr chun bailiú moltaí agus gearán ó úsáideoirí a threorú. Ba cheart don Choimisiún

Eorpach faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme an chaighdeáin agus meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar a éifeachtacht. Leis sin, beifear in ann na coigeartuithe is gá a dhéanamh agus cinnteofar go rachaidh sé chun tairbhe do dhaoine faoi mhíchumas san Aontas.

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ll/mm/bb [***30*** mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach sin].	2. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ll/mm/bb [***20*** mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach sin].

Or. en

Réasúnú

Creidimid gur riail riachtanach é sin chun cearta daoine faoi mhíchumas mar shaoránaigh den Aontas a ráthú, gur cheart é a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir, a luaithe a bheidh na foirmiúlachtaí go léir a cheanglaítear le dlí na hEorpa curtha i gcrích.